

❁ An Lúibín ❁

30 Meán Fómhair 2010

Gaeilge dhomhandaithe

Irish and the world – a bilingual seminar.

Na laethanta seo ní mór an Ghaeilge a phlé de réir chúinsí an domháin uile, rud a bhaineann leis an stádas atá aici in Éirinn féin. Tá an méid sin le haithint ar ócáid dheangach a bheidh ar siúl i mBaile Átha Cliath i Mí Dheireadh Fómhair.

'Féiniúlacht, Cultúir agus Teanga i ré an domhandaithe' is teideal don seimineár úd. An Meitheal Straitéise, Taighde agus Tionscnamh a d'eagraigh é, i gcomhpháirt le Conradh na Gaeilge, Comhar agus Gael Linn.

Ar 15/10/10 cloisfear an tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) agus 'An Stát, an Fhéiniúlacht Náisiúnta agus an Teanga: Cás na hÉireann' mar ábhar aige.

Ar 16/10/10 beidh an Dr Thierry Ménissier (Ollscoil Pierre Mendès-France, Grenoble) ann agus páipéar aige dar teideal 'Culture et communauté politique' / 'Cultúr agus comhphobail polaitiúil'. Beirt Éireannach a leanfaidh é: an tOllamh Peadar Kirby (Ollscoil Luimní) le 'Domhandú, Eacnamaíocht agus Féiniúlacht: Cás na hÉireann' agus an Dr Tomás Mac Síomóin, file, le 'Nua-Éireannachas - Namhaid don Ghaeilge?'. Mar chlabhsúr ar an ócáid beidh an Dr Daniel Bourgeois (Institiúid Beaubassin, Moncton, Nua-Bhrunsuic, Ceanada) ag caint ar an méid a leanas: 'Na hAcadaigh: 'Cine fuinniúil faoi bhagairt, corrach agus cónaitheach, sealadach agus buan, Franciseoireach agus dátheangach' / 'Les Acadiens: Espèce dynamique et menacée, nomade et sédentaire, temporelle et permanente, francophone et bilingue'.

Tuilleadh eolais: eolas@fnag.ie



Nós* ar ais

The liveliest magazine in Irish is back.

Tá an leagan clóite den iris nós* ina fhorlíonadh i nGaelscéal, an nuachtán ildathach Gaeilge. Ar an nGréasán is túsce a bhí fáil ar nós*, agus é ar cheann de na hirisí ba spleodraí agus ba shnasta a tháinig amach riamh i nGaeilge. Thairis sin, ar ndóigh, bhí teacht ag Gaeilgeoirí air ar fud an domhain.

I Mí Mhárta 2008 a seoladh nós*, agus é ina léiriú ar sheiftiúlacht agus ar threallús lucht Gaeilge Thuaisceart Éireann. Dealraíonn sé gur deacair iad a threascairt.

Bhí thiar ar nós* nuair a tháinig an meath mór airgeadais sa mhullach orainn, agus é beag beann ar mhaoiniú ón taobh amuigh ag an am. Anois tá sé ag teacht chuige féin arís. Ní bheidh deireadh leis an leagan leictreonach, ach bhí sé de chuspóir ag an bhfoireann riamh eagrán clóite a chur amach freisin. Má theip ar an gcéad iarracht, thug Gaelscéal slán iad: www.gaelsceal.ie. Tá a shuíomh féin fós ag nós*: www.nosmag.com.



Áis nua

Another link to the language.

Is iomaí súil a d'fhéach ar Focal.ie, áis atá thar a bheith fóna. Tá an bunachar téarmaíochta go léir le híoslódáil anois mar liosta ó www.focal.ie/Liostai.aspx. Tig le haistritheoirí an liosta seo a úsáid i mbogearra aistriucháin ar nós Wordfast nó Trados. Is mór an áis é freisin do thaighdeoirí teangeolaíocha.

Lena chois sin tá nasc ann le Nua-Chorpas na hÉireann, bailiúchán téacsanna a bhfuil timpeall 30 milliún focal Gaeilge ann - saothair liteartha agus faisnéise, nuachtáin, irisí agus foilseacháin oifigiúla.



Eorpach le Gaeilge

Death of a European.

Má tá sé de nós ag cuid de Ghaeilgeoirí na hÉireann a haghaidh a dhíriú ar an Eoraip anois, ní ceart dearmad a dhéanamh ar Shéamus Ó Coigligh, eolaí ar theangacha agus ar litríochtaí na hEorpa, agus athfheighlí Iarsmalann Phoiblí Chorcaí. Eisean a chuireadh Gaeilge ar shráideanna Chorcaí. Sa bhliain 1916 a rugadh é, agus fuair sé bás ar 14/9/10.

Scríobhadh sé ailt agus colúin faoin Rúis agus faoi Oirthear Eorpa, agus scríobh sé staidéir i nGaeilge ar Vladimir Mayakovsky, file Rúiseach, agus ar Shándor Petöfi, file Ungáireach. Bhí aithne aige ar Sheán Ó Ríordáin agus spreag sé é siúd chun a chuid filíochta a fhoilsiú. Bhí ardeolas aige ar shean-Ghaeilge agus ar mheán-Ghaeilge, agus ní dhearna sé faillí i dteangacha neamhEorpacha ach oiread – Aramais, Eabhrais, Urdaís agus Arabais.

Rinne sé babhta craoltóireachta sna caogaidí agus é ag cur síos ar litríocht chomhaimseartha na Spáinne.

Deirtear go raibh na mílte leabhar aige, agus bhí suim aige i réimse mór rudaí - cúrsaí diagachta, ceol clasaiceach, eolaíocht, matamaitic agus cúrsaí spóirt. Bhí suim aige i gcúrsaí sóisialta freisin, agus thug sé cúnamh do bhochtáin Chorcaí tar éis an chogaidh.



Gaeilge Pháras

A drink and a chat.

Ní raibh easpa Gaeilge ar Pháras san 18ú haois – bhí saighdiúirí ann agus uaisle, idir mhná agus fhir, a raibh an teanga ar a dtoil acu. D'athraigh an saol ach tá scata ann fós atá dílis. Bionn oícheanta comhrá ann, agus bhí an cruinniú is déanaí acu Déardaoin 30 Meán Fómhair in The Quiet Man, 5 rue des Haudriettes. Mar a deirtear i dteanga na coitiantachta: *Viennent qui veulent avec mets à manger, lectures à partager, CDs à écouter, DVDs à visionner, et toute autre distraction convenable !*

Níl ach cuid de stair Eorpach na Gaeilge scríofa fós, agus is cinnte go mbeadh baint ag Páras leis an scéal anuas go dtí an Réabhlóid ar a laghad. Ach is fearr an mhaith atá ná an mhaith a bhí. Féach <http://www.facebook.com/pages/Conradh-na-Gaeilge-Paras/127510197289093> .



Teangacha tíre

Australian Aboriginal languages should be an aid to literacy, not a barrier to it.

Má théann tú ar thóir leabhar faoi theangacha Bundúchasacha na hAstráile i Leabharlann Baillieu in Ollscoil Melbourne, thuas ar an dara hurlár, gheobhadh tú saibhreas – gráiméir, cuntais fhóineolaíocha, cuimhní cinn. Yuwaalaraay-Gamilaraay, Narinjari, Worroran, Gumbaynggirr – tá siad ann, iad bailithe agus scagtha ag scoláirí agus tóir ag scoláirí eile orthu.¹

Ní bheadh os cionn tríocha teanga Bundúchasach bríomhar fós. Sa Chríoch Thuaidh (*Northern Territory*) tá Institiúid Batchelor um Oideachas Treasach Bundúchasach ag oiliúint Bundúchasach chun go bhféadfaidís a gcuid teangacha a thaifeadadh agus cuidiú le cainteoirí eile na teangacha a choinneáil beo. Teastaíonn am agus dícheall chuige; is iad na mná agus na daoine óga is mó a chuirfeadh an obair chun cinn, ach caithfear an tsuim atá acu san obair a choinneáil beo.²

Níl teangacha láidre le fáil anois ach san iargúil, sa Kimberley, i lár na hAstráile agus in Arnhem Land. Níl ag cuid acu ach isteach is amach le dhá scór cainteoirí. Níl ach cainteoir amháin ann uaireanta, rud a fhágann go bhfuil práinn lena oiread a bhailiú agus is féidir. Na mná chun tosaigh, teangeolaithe agus taighdeoirí á ndéanamh díobh agus iad ag obair i bpáirt le teangeolaithe gairmiúla. Ach tá claonadh acu siúd chun dul i gceannas, claonadh ba chóir a shrianadh i ngeall ar úsáid ábhar teangeolaíochta agus ar chearta sealúchais intleachtúla.

Fágann seo fadhb eile - glúin óg agus drochoideachas orthu, d’ainneoin a bhfuil á dhéanamh ag dreamanna difriúla. Tá na hAnglacánaigh, mar shampla, ag iarraidh oideachas a thabhairt do bhreis scoláirí Bundúchasacha, ach aithnítear na deacrachtaí. Mar a deir Philip Freier, Ardeaspag Melbourne, tá beartas luaineach ag an rialtas – meánscolaíocht logánta inniu agus í i bhfad ó bhaile amárach. Deir Jim Leftwich, easpag Bundúchasach, nach mór oideachas Iartharach a thabhairt don aos óg, go háirithe agus an oiread sin drugaí agus óil sna bailte dúchais, ach gur baolach go gcaillfí an cultúr.³

Deir Mark Arbib, Aire Fostaíochta Bundúchasaí, go gcaithfear Béarla a mhúineadh do dhaltáí Bundúchasacha roimh a gcuid teangacha dúchais. Ní shéanfaí ná go bhfuil an ceart ag an Aire maidir le riachtanas an Bhéarla. Dearmadtar, áfach, gur trí na teangacha dúchais is fearr a fhoghlaimíonn na daltaí Béarla, agus is mór an náire í an fhaillí a rinneadh chomh fada sin sa bhunoideachas dátheangach. Cuid scoileanna á chleachtadh, a lán eile á ligean i bhfaillí. Caithfear a chur san áireamh, ar ndóigh, gur iomaí scoil sna bailte iargúlta atá ar mhí-eagar, rud a bhaineann le drochstaid na mbailte féin.

Idir an dá linn, tá cúrsaí ann a chuireann ar chumas Bundúchasach a dteangacha féin a thaifeadadh, bunachar sonraí a dhéanamh dá bharr agus cuidiú le teangeolaithe gairmiúla. Táthar ag iarraidh daoine óga a mhealladh ar theip an mheánscolaíochta orthu. Is binn le daoine a dteanga féin, agus ní lúide an binneas léamh agus scríobh a bheith agat.



¹ Féach <http://www.library.unimelb.edu.au/>

² ‘Women on the front line of language preservation,’ Gail Liston, *The Australian*, 8/4/09.

³ ‘Anglicans move to bring Aboriginal students into mainstream,’ Barney Zwartz, *The Age*, 20/9/10.

Garrfhicsean na hIndia

Indian languages like Hindi and Tamil have distinguished modern literatures. They have also produced extraordinary amounts of pulp fiction - books to read on a journey or in the heat of an afternoon. Now some of this is being translated into English.

Níl easpa scríbhneoirí nua-aoiseacha nótálta ar theangacha dúchais na hIndia. Premchand, Ugra, Nirala – iad féin agus mórán eile, cé gur beag duine acu a rinne a shaibhreas. Ar an dóigh chéanna, easpa airgid a chuir deireadh lena lán irisí dearscnaitheacha. Is mó an t-aitheantas agus an brabach atá ag roinnt leis an mBéarla sa saol mór, rud a fhágann gur beag aithne atá againn ar údair eile na hIndia.

Is féidir le foilsitheoirí an dá thrá a fhreastal, mar a dhéanann Orient Paperbacks, comhlacht a fhoilsíonn leabhair i Hiondúis agus i mBéarla – ‘Fiction and Literature, Health, Mind and Body, Self Development, Puzzles, Religion and Culture, New Age and Esoteric, and Humour’.⁴ Ar na hionphriontaí a bhaineann leis tá Rajpal & Sons, dream a chuireann leabhair amach i Hiondúis amháin. Tá an margadh ann, agus tá Penguin India féin ag smaoiniú ar bhreis leabhar a fhoilsiú i dteangacha dúchais.

Ach más iad na teangacha dúchais atá i gceist, is fada ráchairt ar litríocht de shórt eile – an garrfhicsean (*pulp fiction*). Bhí (agus tá fós) a leithéid le fáil i Hiondúis agus i dTamail ag stáisiúin, ag busárais agus ag stalláí tae. Ó na fichidí amach foilsíodh na mílte acu, agus spréigh clú na n-údar go forleathan. Iad ag soláthar vaimpírí, scéinséirí osnádúrtha, bleachtairí, asarlaithe, eolaithe drochintinneacha agus leannáin chráite.

Anois tá a lán acu á n-athfhoilsiú i mBéarla ag Blaft Publications in Chennai (*The Blaft Anthology of Tamil Pulp Fiction*), agus ceannach mór orthu. Tá borradh faoin meánaicme agus tóir ag cuid acu ar ábhar léitheoireachta i mBéarla. A rian sin ar na siopaí féin. Cheannaíodh daoine a gcuid leabhar i gclúideacha margaidh nó ó mhangairí sráide; anois tá neart siopaí aerchóirithe ann.

Is beag costas a bhaineann leis an bhfoilsitheoireacht san India, a bhuíochas sin ar phá íseal agus ar pháipéar athchúrsáilte. Níl teacht ar an Idirlíon go forleathan fós, agus ní dhíoltar leabhair ar líne nó i bhfoirm dhigiteach. Tá méadú 60% tagtha ar an margadh le cúig bliana anuas, agus deirtear go bhfuil luach \$2 bhilliún ar an margadh sin. Tá léamh ag suas le 70% den phobal, agus is dócha go gcuirfidh reachtaíocht nua oideachais leis an gcéatadán sin.⁵

Bhí garririsí ann chomh maith le leabhair - *Manohar Kahaniyan, Maya, Apradh Katha, Satykatha* – agus an-tóir orthu sna seascaidí agus sna seachtóidí. Rinne foilsitheoir de chuid Allahabad speisialtacht díobh, ach bhí dímheas ag na hintleachtóirí orthu (tá ollscoil in Allahabad). Bhí dlúthbhaint ag na hirísí seo le garrfhicsean i bhfoirm leabhar; d’fhreagair siad dá chéile. Tháinig ráchairt orthu i measc na meánaicme nua agus chuaigh na húdair i mbéal an phobail - Ibn-e-Safi, Akram Ellahabadi, Ranu agus eile.

Mar a deir Mrinal Pande, iriseoir, d’eascair an chuid is mó den mheánaicme úd ó uasaicme a d’aistrigh ó na sráidbhailte go dtí na bailte beaga, dúil acu sa rud nua ach lé acu leis na sean-nósanna fós. Iad ina gcónaí i gceantair plódaithe, buachaillí agus cailíní scoite amach óna chéile, agus na seandaoine i mbun cleamhnais a dhéanamh. Bhain daoine sólas agus sult as an ngarrfhicsean sa saol cúng sin, agus thabharfadh sé faoiseamh dóibh ar thuras tuirsiúil deannachúil i dtraein nó i mbus. Sna hochtóidí féin bhí na mílte leabhar á ndíol gan fógraíocht ar bith.⁶

⁴ <http://www.orientpaperbacks.com/about.asp>

⁵ ‘Pulp translation stirs India's middle class: English brings new fans to the blood and lust of Hindi and Tamil 'penny dreadfuls',’ Emily Wax, *Guardian Weekly*, 14/9/10.

⁶ ‘The life and death of Hindi pulp fiction,’ Mrinal Pande:

<http://www.livemint.com/2008/10/20225113/The-life-and-death-of-Hindi-pu.html>

Níor lú an soláthar ná an t-éileamh. Cuimnímis ar Rajesh Kumar, údar a scríobhadh cúig úrscéal sa mhí sna hochtóidí agus 100,000 cóip de gach teideal á ndíol. Tá éileamh ar a shaothar fós sna gnátháiteanna, agus fiú na n-údar a d'iompaigh ar mheán eile tá cuid acu ag cur úrscéalta díobh fós. Ní fir amháin atá i mbun na hoibre: tá neart scéalta rómánsacha scríofa ag Ramani Chandran, agus tháinig neart scéalta reilgiúnda ó pheann Indira Soundara Rajan. Speisialtóirí is ea na húdair – ficsean eolaíochta ag Kumar, scéalta bleachtaireachta ag Suba (beirt údar atá ag scríobh i bpáirt) agus ag Pattukottai Prabhakar, scéalta sóisialta ag Pushpa Thangadorai. Ach is beag údar nua atá ag teacht ar an bhfód, rud a fhágann go bhfuil na seanleabhair á n-athfhoilsiú.⁷

Ní féidir garrfhicsean a chur amach gan chlúdach gáifeach mealltach, agus is é Shelle (Mustajab Ahmed Siddiqui) an dearrthóir is mó clú. Chum sé os cionn 3,000 clúdach: laochra agus bithiúnaigh, maighdeana cráite agus raiteoga, agus iad cruinnithe timpeall íomhá ghunna. Tá deireadh ag teacht anois le ré a leithéidí, ach tá oidhreacht scléipiúil fágtha acu ina ndiaidh. Tá saothar Shelle le fáil i leabhar anois (*Heroes, Gundas, Vamps and Good Girls*), agus é i bhfoirm postchártaí is féidir leat a chur chun do chairde.⁸

Ba í an teilifís is mó a lagaigh an garrfhicsean. Faoi dheireadh na nóchaidí bhí cláir le fáil ar an teilifís chábala a fáisceadh díreach as an bhficsean clóite, agus ba ghearr gur tháinig na seónna réalachais. Ach má lagaigh, níor mharaigh.

Mar a deir an blagaire Anditi Sen (a raibh dúil aici riamh sa gharrfhicsean), is cuid den saol é, cuid den chultúr dúchais, agus dímheas uirthi dá bharr mar rud 'suarach'.⁹ Nuair a bhí sí ar scoil dhéanfadh scoláirí eile tagairt mhaslach do 'vernac' (ó *vernacular speaker*) – aon chailín nach raibh Béarla ar a toil aici agus a raibh dúil aici i litríocht i dteanga Indiach, nó a chaitheadh ornáidí traidisiúnta. Anois tá bun á dhéanamh arís ag an *vernacular* - é ag cur craicinn de, é ina neart go fóill.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

Nós* ar ais

Tá an leagan clóite¹⁰ den iris *nós** le fáil anois mar fhorlónadh i n*Gaelscéal*, nuachtán ildathach Gaeilge. Tá *nós** ar na hirísí is snasta a tháinig amach riamh i nGaeilge.

⁷ 'Meet Rajesh Kumar, author of 1,500 novels,' Samanth Subramanian:

<http://www.livemint.com/2008/09/08005445/Meet-Rajesh-Kumar-author-of-1.html>

⁸ 'Blast from Blaft,' Rajeeb Sebastian:

<http://www.hindu.com/lr/2010/06/06/stories/2010060650240600.htm>

⁹ 'The railway station, great detectives, and a fetish for bright colours,' Aditi Sen:

<http://aditisen.blogspot.com/2007/06/railway-station-great-detectives-and.html>

¹⁰ Clóite - printed

Tá leagan leictreonach de *nós** le fáil ó thús, ach bhí sé de chuspóir ag an bhfoireann eagrán clóite a chur amach freisin. Tá a shuíomh féin ag *nós**: www.nosmag.com.

Seoladh *nós** i Mí Mhárta 2008, rud a rinneadh gan mhaoiniú¹¹ stáit. Anois tá deis aige dul ar aghaidh arís.

Teangacha tíre

Bhí timpeall dhá chéad is caoga teanga Bhundúchasach á labhairt an Astráil i ndeireadh an ochtú haois déag, ach ní ach ar éigean a bheadh tríocha ceann á labhairt anois. Tá Institiúid Batchelor ag oiliúint Bundúchasach i dtuaisceart na hAstráile chun go bhféadfaidís¹² a gcuid teangacha a thaifeadadh agus cuidiú le cainteoirí eile na teangacha a choinneáil beo.

Níl teangacha láidre le fáil anois ach san iargúil.¹³ Is iad na mná is mó atá á gcaomhnú,¹⁴ agus is minic a dhéantar teangeolaithe agus taighdeoirí díobh. Bíonn siad ag obair i bpáirt le¹⁵ teangeolaithe eile.

Fágann seo fadhb eile - glúin óg agus drochoideachas orthu, d'ainneoin a bhfuil á dhéanamh¹⁶ ag dreamanna difriúla. Tá na hAnglacánaigh, mar shampla, ag iarraidh oideachas a thabhairt do bhreis scoláirí Bundúchasacha, ach aithnítear¹⁷ na deacrachtaí. Ní mór oideachas Iartharach a chur ar fáil ach is baolach go gcaillfí¹⁸ an dúchas.

Deir daoine éigin go gcaithfear¹⁹ Béarla a mhúineadh do dhaltáí Bundúchasacha roimh a gcuid teangacha dúchais. Dearmadtar²⁰ gur trí na teangacha dúchais is fearr a fhoghlaimíonn na daltaí Béarla.

Tá cúrsaí traenála ann a chuireann ar chumas²¹ Bundúchasach a dteangacha féin a thaifeadadh, agus iarracht á déanamh²² daoine óga a tharraingt isteach san obair.

Garrfhicsean na hIndia

Is iomaí údar nóta²³ a scríobh i dteangacha dúchais na hIndia, ach go dtí le déanaí is ar an ngarrfhicsean²⁴ is mó a bhí éileamh. I Hiondúis agus i dTamailis a foilsíodh²⁵ riamh é, agus é le fáil ag stáisiúin, ag busárais agus ag stalláí tae. Bhí vaimpírí,²⁶ asarlaithe,²⁷ bleachtairí agus leannáin mar ábhar aige.

¹¹ Maoiniú - funding

¹² Chun go bhféadfaidís – to enable them

¹³ San iargúil – in the outback

¹⁴ Á gcaomhnú – maintaining them

¹⁵ I bpáirt le – in partnership with

¹⁶ D'ainneoin a bhfuil á dhéanamh – despite all that is being done

¹⁷ Aithnítear – is/are recognised

¹⁸ Go gcaillfí – would be lost

¹⁹ Go gcaithfear - must

²⁰ Dearmadtar – it is forgotten

²¹ A chuireann ar chumas - enable

²² Iarracht á déanamh – an attempt being made

²³ Is iomaí údar nóta – many a notable author

²⁴ Garrfhicsean – pulp fiction

²⁵ Foilsíodh – was published

²⁶ Vaimpírí - vampires

²⁷ Asarlaithe - sorcerers

Tá cuid de na scéalta á bhfoilsíú i mBéarla anois. Tá an mheánaicme²⁸ ag borradh, agus tóir ag cuid acu ar ábhar léitheoireachta i mBéarla. Is féidir leo dul go dtí siopaí aerchóirithe²⁹ anois chun é a cheannach seachas³⁰ leabhair a cheannach ó mhangairí sráide.

Tá éileamh fós ar ábhar na garrlitriche sna bunteangacha, ach is ar an teilfís is mó atá an t-ábhar sin le fáil anois. Mar sin féin, tá garrfhicsean á dhíol fós i Hiondúis agus i dTamailis. Bhí sé mar ábhar léitheoireachta ag daoine a d'aistrigh go dtí an chathair ach a bhí sáinnithe³¹ fós i saol cúng traidisiúnta. B'fhéidir leo taitneamh agus sólas a bhaint as na leabhair seo.

Tá clú ar údair an gharrfhicsin seo. Tá Rajesh Kumar ar dhuine de na scríbhneoirí úd: scríobhadh sé³² cúig úrscéal sa mhí sna hochtóidí, agus dhíoltaí³³ breis is 100,000 cóip de gach ceann acu. Is minic a leithéidí³⁴ ag scríobh don teilfís anois, ach tá an garrlitriche á cumadh³⁵ fós, cé gur beag údar nua atá ann.³⁶ Tá cuid de na seanleabhair á n-athfhoilsíú³⁷ dá bharr.

Bhí clúdaigh gháifeacha³⁸ ar na leabhair riamh, agus is é Shelle (Mustajab Ahmed Siddiqui) an dearrthóir is mó clú³⁹. Chum sé os cionn 3,000 clúdach. Is féidir a shaothar a fháil anois mar phostchártaí.

²⁸ An mheánaicme – the middle class

²⁹ Aerchóirithe – air-conditioned

³⁰ Seachas – instead of

³¹ Sáinnithe - trapped

³² Scríobhadh sé – he used to write

³³ Dhíoltaí – used to be sold

³⁴ A leithéidí – those like him

³⁵ Á cumadh – being created

³⁶ Cé gur beag údar nua atá ann – though there are few new authors

³⁷ Á n-athfhoilsíú – being republished

³⁸ Clúdaigh gháifeacha – showy covers

³⁹ An dearrthóir is mó clú – the most famous designer